RÚN (AE) 2022/1795 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 4 Bealtaine 2022

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound) don bhliain airgeadais 2020

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound) don bhliain airgeadais 2020,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V a ghabhann lena Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0109/2022),

A. de bhrí, de réir a ráitis ar ioncam agus ar chaiteachas ([1]), gurbh é EUR 21 395 000 buiséad críochnaitheach an Fhorais don bhliain airgeadais 2020, arb ionann é agus laghdú 0,44 % i gcomparáid le 2019; de bhrí gur ó bhuiséad an Aontais go príomha a thagann buiséad an Fhorais;

B. de bhrí go ndearbhaíonn an Chúirt Iniúchóirí ("an Chúirt"), ina tuarascáil maidir le cuntais bhliantúla an Fhorais don bhliain airgeadais 2020 ("an tuarascáil ón gCúirt"), go bhfuil dearbhú réasúnach faighte aici go bhfuil cuntais an Fhorais beacht agus go bhfuil na hidirbhearta is bun leo dlíthiúil agus rialta;

Bainistiú buiséid agus airgeadais

1. á chur in iúl gur díol sásaimh di go raibh na hiarrachtaí faireacháin buiséid i rith bhliain airgeadais 2020 ina siocair le ráta cur chun feidhme buiséid de 99,91 %, arb ionann é agus mionlaghdú de 0,07 % i gcomparáid le 2019; ag tabhairt dá haire go raibh an ráta forghníomhaithe maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí cothrom le 80,44%, arb ionann é agus laghdú 0,48 % i gcomparáid le 2019;

2. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil gníomhaíochtaí á gcur chun feidhme ag an bhForas mar fhreagairt ar an dá bharúil ón gCúirt in 2019; ag tabhairt dá haire agus é ina chúis bhuartha di go bhfuil athrú tagtha ar sciartha na dteideal buiséid mar gheall ar phraghsanna méadaitheacha sa tír óstach den chuid is mó agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an údarás buiséadach bearta leormhaithe a dhéanamh chun sciar chaiteachais oibriúcháin bhuiséad Eurofound a chaomhnú;

Feidhmíocht

3. ag tabhairt dá haire go mbaineann an Foras leas as ceithre eochairtháscaire feidhmíochta (KPInna), atá san áireamh ina chóras faireacháin feidhmíochta ina bhfuil, sa bhreis ar KPInna, méadrachtaí (táscairí eile maidir le próisis oibríochtúla), agus measúnú agus meastóireacht cháilíochtúil chun an breisluach arna sholáthar ag a chuid gníomhaíochtaí a mheas agus chun feabhas a chur ar bhainistiú a bhuiséid;

4. á aithint, maidir le soláthar aschuir an chláir oibre a beartaíodh do 2020, go ndearnadh 98 % de a bhaint amach, lena ndearnadh 45 tháirge insoláthartha as 46 a bhaint amach in 2020;

5. ag tabhairt dá haire gur chuir an Foras dlús lena chomhoibriú agus lena chomhar leis na príomhgheallsealbhóirí in 2020 agus gur eagraíodh corradh agus 10 seimineár gréasáin le comhpháirtithe amhail an Coimisiún, Parlaimint na hEorpa, an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair agus Gníomhaireachtaí eile AE; ag tabhairt dá haire go bhfuil comhoibriú leanúnach ann idir an Foras agus an tÚdarás Eorpach Saothair (ELA); ag tabhairt dá haire gur lean an Foras agus Cedefop in 2020 dá gcomhoibriú maidir le suirbhé Eorpach ar chuideachtaí, a rinneadh i gcomhar in 2018/2019, agus go ndearnadh an leathadh gníomhaíochtaí a eagrú i gcomhpháirt leis an Institiúid Eacnamaíochta Saothair (IZA); ag tabhairt dá haire go bhfuil an Foras ar na mórsholáthraithe sonraí le haghaidh

([1]) IO C 107, 31.3.2020, lch. 8.

Innéacs Comhionannais Inscne na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne agus go ndéantar faisnéis a mhalartú go rialta leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair; ag tabhairt dá haire, freisin, go bhfuil an Foras ag iarraidh meabhrán tuisceana a bhunú leis an ELA agus leis an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA); á chur in iúl gur geal léi comhar agus comhroinnt eolais an Fhorais mar shampla ar fiú é a leanúint do ghníomhaireachtaí agus do chomhlachtaí eile; ag tabhairt dá haire go ndéantar cruthú sineirgí a chur chun cinn leis an gcomhar sin agus go gcabhraíonn sé le forluí a sheachaint;

6. á iarraidh ar an bhForas leanúint dá shineirgí a fhorbairt agus comhar agus malartú dea-chleachtas le gníomhaireachtaí eile an Aontais a mhéadú d'fhonn éifeachtúlacht a fheabhsú (lena n-áirítear i dtaca le hacmhainní daonna, bainistiú foirgneamh, seirbhísí TF agus slándáil);

7. ag tabhairt dá haire, le linn 2020, go ndearna conraitheoir meastóireachta seachtrach gnáthmheastóireacht 4 bliana ar Líonra Comhfhreagraithe Eurofound, faoi threoir coiste stiúrtha *ad hoc* a raibh ionadaithe air ó cheithre ghrúpa uile an bhoird bainistíochta, agus go ndearnadh roinnt moltaí, go háirithe maidir le forbairt a dhéanamh ar loighic idirghabhála le haghaidh Líonra Comhfhreagraithe Eurofound agus treochlár a fhorbairt le haghaidh Líonra Comhfhreagraithe Eurofound;

8. á chur in iúl gur mór aici obair ardcháilíochta an Fhorais i dtaobh eolas a fheabhsú agus a scaipeadh agus i dtaobh saineolas atá bunaithe ar fhianaise a sholáthar chun tacú le forbairt beartas Eorpach maidir le dálaí maireachtála agus oibre, margaí saothair agus caidreamh tionsclaíoch san Aontas a fheabhsú;

9. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá neamhspleáchas agus breisluach an Fhorais ina réimse saineolais;

10. ag creidiúint gur féidir leis an bhForas ról ríthábhachtach a bheith aige maidir le hanailís bhreise a dhéanamh ar an méadú ar theilea-obair agus ar na tionchair ghaolmhara ar chothromaíocht oibre is saoil agus ar cháilíocht dálaí oibre, ar dhea-chleachtais a scaipeadh agus ar fhreagairtí beartais a d'fhéadfadh a bheith ann a mheas; á chur in iúl gur geal léi clár oibre an Fhorais chun anailís a dhéanamh ar roghanna beartais chun dálaí oibre, caidreamh tionsclaíoch, fostaíocht agus dálaí maireachtála a fheabhsú;

11. á thabhairt chun suntais gur gá acmhainní leormhaithe daonna agus airgeadais a áirithiú lena lamháiltear don Fhoras leanúint dá chlár oibre a chur chun feidhme le ráta comhlánaithe gníomhaíochta thar a bheith ard, lena n-áirítear i bhfianaise na ndúshlán suntasach maidir le *inter alia* saol na hoibre atá ag athrú, le plean gníomhaíochta AE maidir le cúram atá beartaithe;

12. ag aithint, agus é ina dhíol mór sásaimh di, oiriúnú rathúil an Fhorais do na dálaí deacra a chruthaigh paindéim COVID-19 agus an eolais luachmhair agus na hanailíse luachmhaire a soláthraíodh do lucht déanta beartas agus do gheallsealbhóirí maidir leis na hathruithe a d'eascair as paindéim COVID-19 ar shaol na hoibre agus ar an gcáilíocht saoil ar bhonn níos leithne (i.e. teilea-obair, obair ardáin, neamhionannais inscne agus éagsúlachtaí idirghlúine a mhéadú, ganntanais saothair, cúram fadtéarmach, caidreamh tionsclaíoch, etc.); ag tabhairt dá haire freisin go raibh tionchar ag paindéim COVID-19 ar obair an Fhorais, agus gur athraíodh go suntasach an obair allamuigh a bhí beartaithe don 7ú suirbhé ar Dhálaí Oibre san Eoraip, rud a chuir isteach ar an acmhainneacht chun anailís treochta a dhéanamh ar dhálaí oibre thar níos mó ná 20 bliain;

13. á chur in iúl gur geal léi obair an Fhorais chun anailís a dhéanamh ar an tionchar atá ag maireachtáil agus ag oibriú in AE le linn phaindéim COVID-19 trína ríomhshuirbhé "Maireachtáil, oibriú agus COVID-19" agus trína thuarascáil maidir le "tionchar COVID-19 ar dhaoine óga in AE";

14. á chur in iúl gur mór aici an tacaíocht a thugann Eurofound do cheardchumainn, d'eagraíochtaí fostóirí, do rialtais náisiúnta agus d'institiúidí an Aontais agus a chomhar le gníomhaireachtaí eile an Aontais atá ag oibriú i réimse na fostaíochta, na ngnóthaí sóisialta agus an chuimsithe faoi shainchúram Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú an Choimisiúin (AS EMPL);

15. á chur in iúl gur geal léi gealltanas Eurofound i leith taighde agus anailís a dhéanamh i réimse na n-aistrithe digiteacha agus glasa agus á chreidiúint gur cheart dó ina chláir oibre amach anseo measúnú agus anailís a dhéanamh ar rogha beartais maidir leis an tionchar socheacnamaíoch a bheidh ag na haistrithe digiteacha agus glasa;

16. á chur in iúl gur mór aici, agus béim á leagan aici ar an tábhacht a bhaineann leis an bhForas a bheith neamhspleách ar ghníomhaireachtaí eile AE, dlúthchomhar an Fhorais le AS EMPL agus le gníomhaireachtaí ábhartha uile AE, amhail Cedefop, EIGE, ETF, FRA, EU-OSHA, EEA, lena ndírítear ar na sineirgí idir na gníomhaireachtaí sin a neartú; á chur in iúl gur geal léi rannpháirtíocht ghníomhach an Fhorais i Líonra Gníomhaireachtaí AE (EUAN);

Beartas foirne

17. ag tabhairt dá haire, ar an 31 Nollaig 2020, go raibh an plean bunaíochta curtha chun feidhme 95 %, go raibh ceapacháin déanta i gcás 11 oifigeach agus 76 ghníomhaire shealadacha as 91 phost arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais (i gcomparáid le 91 phost údaraithe in 2019); ag tabhairt dá haire freisin, gur oibrigh 11 ghníomhaire ar conradh don Fhoras in 2019 mar aon le saineolaí náisiúnta amháin a bhí ar iasacht;

18. ag tabhairt dá haire, maidir le cothromaíocht inscne i measc na bainistíochta sinsearaí, gur ceathrar fear (44,4 %) agus cúigear ban (55,56 %) a bhí san áireamh, gur 49 bhfear (60,5 %) agus 32 bhean (39,5 %) a bhí i measc chomhaltaí an bhoird bainistíochta agus gur 41 fhear (41,4 %) agus 58 mbean (58,6 %) a bhí san fhoireann i gcoitinne;

19. ag tabhairt dá haire gur ghlac an Foras beartas maidir le dínit daoine a chosaint agus ciapadh a chosc; ag tabhairt dá haire, in 2020, gur cuireadh oiliúint mar chomhairleoirí iontaoibhe ar thriúr ball foirne agus ar chomhordaitheoir; ag tabhairt dá haire go ndearna ball foirne amháin líomhain maidir le ciapadh in 2020 agus gur imscrúdaíodh an cás agus gur dúnadh é in 2021; ag tabhairt dá haire gur tugadh cás amháin maidir le ciapadh os comhair na Cúirte (T-630/19) agus gur tugadh breithiúnas air an 8 Meán Fómhair 2021 agus gur diúltaíodh go huile don chaingean in aghaidh an Fhorais agus go raibh na costais le híoc ag an éilitheoir;

20. ag spreagadh an Fhorais chun dul i mbun forbairt ar chreat beartais fadtéarmach acmhainní daonna lena rachfar i ngleic le cothromaíocht oibre is saoil, treoir agus forbairt gairme ar feadh an tsaoil, cothromaíocht inscne, teilea-obair, cothromaíocht gheografach, agus earcú agus lánpháirtiú daoine faoi mhíchumais;

Soláthar

21. ag tabhairt dá haire sa tuarascáil ón gCúirt go ndearna an Foras creatchonradh le haghaidh uasmhéid EUR 170 000 a chur i gcrích i mí an Mheithimh 2019 chun leictreachas a sholáthar ar bhonn nós imeachta idirbheartaíochta soláthair le haon iarrthóir amháin, gan tarscaoileadh fógra conartha a fhoilsiú roimh ré; ag cur sonrú sa bharúil ón gCúirt gur soláthróir miondíola atá sa chonraitheoir, nach luaitear soláthar leictreachais ar mhargadh tráchtearraí agus nach gceannaítear ar mhargadh tráchtearraí é, agus ar an ábhar sin nach bhfuil an nós imeachta idirbheartaíochta soláthair, amhail a bhí á leanúint ag an bhForas, infheidhme ar bhonn eisceachtúil; ag tabhairt dá haire, conclúid na Cúirte, go bhfuil na conarthaí a bhaineann leis agus na híocaíochtaí gaolmhara de EUR 20 255, go bhfuil siad neamhrialta; ag tabhairt dá haire, ón bhfreagra a thug an Foras, go nglacann sé leis an mbarúil agus gur lainseáladh tairiscint nua go luath in 2021;

22. ag tabhairt dá haire sa tuarascáil ón gCúirt gur lainseáil an Foras i mí Dheireadh Fómhair 2019 nós imeachta idirbheartaíochta soláthair a raibh buiséad measta EUR 140 000 ag gabháil leis, le haghaidh creatchonradh chun a shaoráidí leithris a athchóiriú agus gur roghnaíodh an t-aon tairgeoir amháin agus gur EUR 176 800 luach an chonartha (23 % níos airde ná an tairseach le haghaidh nós imeachta oscailte) ([2]) agus cé go ndearna an Foras an nós imeachta idirbheartaíochta soláthair a údarú go hiomchuí ar bhonn eisceachtúil, níl aon amhras ann ach gurb é an nós imeachta oscailte ba cheart a úsáid; ag tabhairt dá haire gur ghlac an Foras le seasamh na Cúirte ach go raibh sé den tuairim i gcás ina gcuirfí an tairiscint amach arís, agus nós imeachta oscailte seachas nós imeachta idirbheartaíochta in úsáid, nach toradh níos fónta ar bhonn eacnamaíoch a bheadh mar thoradh air;

23. ag tabhairt dá haire gur thionscain an Foras an ríomhsholáthar, agus go bhfuiltear ag baint leas as an modúl r-aighneachta ó lár 2019; ag tabhairt dá haire gur fhorbair an Foras tacar treoirlínte in 2020 chun critéir comhshaoil shoiléire agus infhíoraithe a leagan amach maidir le táirgí agus seirbhísí sa phróiseas soláthair phoiblí agus go ndeachaigh sé isteach sa chreatchonradh idirinstitiúideach le haghaidh deasc chabhrach an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Soláthar Poiblí Glas;

([2]) Airteagal 175(1) den Rialachán Airgeadais — Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 agus Airteagal 4 de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa, agus ón gComhairle (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65) lena leagtar síos EUR 144 000 mar thairseach i gcás conarthaí soláthair phoiblí agus conarthaí seirbhíse.

Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, agus trédhearcacht

24. ag cur sonrú i mbearta reatha agus in iarrachtaí leanúnacha an Fhorais chun trédhearcacht, cosc agus bainistiú coinbhleachtaí leasa, agus cosaint na sceithirí a áirithiú; ag tabhairt dá haire nach bhfoilsítear CVanna agus dearbhuithe leasa chomhaltaí an bhoird bainistíochta uile ar shuíomh gréasáin an Fhorais;

25. ag tabhairt dá haire go ndearna an Foras nuashonrú ar a rialacha maidir le coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú agus gur ghlac an bord bainistíochta iad in 2020 agus go ndéanann an painéal athbhreithnithe coinbhleachtaí leasa dearbhuithe chomhaltaí an bhoird bainistíochta a mheasúnú agus a athbhreithniú thar ceann an Bhoird de réir liosta soiléir critéar agus prionsabal; ag tabhairt dá haire nach raibh aon dearbhú maidir le coinbhleacht leasa ó chomhalta Boird ná ó dhuine seachtrach ina chúis le measúnú mionsonraithe a lainseáil ar na leasanna a dearbhaíodh le linn 2020;

Rialú inmheánach

26. ag tabhairt dá haire go ndearna Seirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach an Choimisiúin (IAS), iniúchóireacht ar bhainistiú acmhainní daonna agus eitic, tar éis an mheasúnaithe riosca domhain a rinneadh in 2019 mar chuid den ullmhú do phlean iniúchóireachta straitéisí IAS do 2020-2022; ag tabhairt dá haire go bhfuil plean gníomhaíochta le tarraingt suas ag an bhForas mar fhreagairt ar mholtaí IAS;

27. ag tabhairt dá haire gur ghníomhaigh an Foras in 2020 de réir na moltaí uile a rinneadh san iniúchadh feidhmíochta "tosaíochtaí i gcás ghníomhaíochtaí an Fhorais agus leithdháileadh na n-acmhainní" arna sheoladh ag IAS in 2018;

28. ag tabhairt dá haire go ndearna an Foras measúnú riosca calaoise in 2020, agus gur ionchorpraíodh na príomhchonclúidí i straitéis frithchalaoise nua an Fhorais, straitéis a glacadh i mí na Samhna 2020; ag tabhairt dá haire go ndíríonn an straitéis frithchalaoise nua ar chultúr frithchalaoise a thógáil trí ghníomhaíochtaí múscailte feasachta agus nasc idir rialuithe inmheánacha agus cosc na calaoise;

29. ag tabhairt dá haire go ndearna an Foras measúnú ar a chóras rialaithe inmheánaigh, agus gur thángthas ar an gconclúid go bhfuil cur chun feidhme na gcúig chomhpháirt agus na prionsabail rialaithe inmheánaigh a ghabhann leo leabaithe a dhóthain i gcultúr, i bpróisis agus i ngníomhaíochtaí rialaithe an Fhorais; ag tabhairt dá haire, ina ainneoin sin, gur treisíodh gnéithe éagsúla den chóras rialaithe inmheánaigh, gur neartaíodh an faireachán leanúnach go háirithe, go bhfuil suirbhé nua á dhéanamh ar dhálaí oibre na bhfostaithe agus suirbhé á dhéanamh ar an bhfeasacht chalaoise, lena lamhálfaí do dheis chun laigí féideartha a bhrath go luath; á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí an Fhorais i ndáil leis sin;

30. ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh an Chúirt laigí rialaithe inmheánaigh maidir le "feidhmeanna íogaire" agus rialuithe maolaitheacha gaolmhara, agus gur chinn sí go raibh fardal na bpost íogair as dáta agus nár léirigh siad a thuilleadh eagrúchán inmheánach reatha an Fhorais; á chur in iúl gur díol sásaimh di, áfach, gur tugadh beartas nua maidir le poist íogaire chun críche an 23 Meitheamh 2021 tar éis iniúchadh na Cúirte a léiríodh i dtuarascáil chríochnaitheach ón gCúirt;

An fhreagairt ar COVID-19 agus leanúnachas gnó

31. ag tabhairt dá haire gur chuir paindéim COVID-19 isteach go mór ar oibríochtaí an Fhorais in 2020 ag an tús; ag tabhairt dá haire go ndeachaigh an Foras in oiriúint don teilea-obair gan mhoill, agus gur fhorbair agus gur lainseáil sé a chéad suirbhé ar líne, bunachar nua sonraí agus lear mór aschur taighde agus cumarsáide leasaithe; ag tabhairt dá haire gur fhorbair an Foras an ríomhshuirbhé "Maireachtáil, obair agus COVID-19" chun impleachtaí na paindéime a aimsiú le haghaidh daoine ar fud na hEorpa, agus trína dhéanamh amhlaidh, go raibh sé ar cheann de na hinstitiúidí, na gníomhaireachtaí agus na comhlachtaí Eorpacha ba thúisce a sholáthair sonraí úra maidir leis an bpaindéim; ag tabhairt dá haire gur bhunaigh an Foras an bunachar sonraí COVID-19 EU PolicyWatch; ag tabhairt dá haire maidir le hócáidí a bhí le tionól i bpearsa in 2020, gur tiontaíodh ina seimineáir gréasáin iad agus go raibh an tiontú ó chlárúcháin go freastal iarbhír idir 30 % agus 50 %, céatadán atá níos airde ná an meán don tionscal de réir mar a thuairiscíonn an Foras;

Barúlacha eile

32. ag tabhairt dá haire go bhfuil méadú ar leibhéal na gcibearbhagairtí feicthe ag an bhForas agus gur mhéadaigh sé ar mhinicíocht na nuashonruithe réamhghníomhacha slándála córais agus measúnaithe riosca; ag tabhairt dá haire an comhar le CERT-EU agus le hArd-Stiúrthóireacht Faisnéisíochta an Choimisiún chun an chomhroinnt eolais maidir le faisnéis cibearbhagairtí a mhéadú; ag tabhairt dá haire gur leathnaigh an Foras an chosaint sonraí a dhéanann sé, agus leas á bhaint aige as seirbhísí cúltaca néalríomhaireachta lasmuigh den láthair, agus go bhfuil beartas uileghabhálach cibearshlándála á dhréachtadh; á iarraidh ar an bhForas an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas maidir leis an mbeartas cibearshlándála agus na himpleachtaí don Fhoras;

33. ag tabhairt dá haire gur thoiligh an Foras i mí Mheán Fómhair 2020 do thionscnamh de chuid Pharlaimint na hEorpa faoina gcuirfear deasc chabhrach ar fáil mar chabhair don soláthar inbhuanaithe;

34. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé digiteáil an Fhorais a mhéadú ó thaobh oibriú agus bainistiú inmheánach de ach freisin chun dlús a chur le digiteáil nósanna imeachta; á chur i bhfáth gur gá don Fhoras leanúint de bheith réamhghníomhach i ndáil leis sin chun bearna dhigiteach idir na gníomhaireachtaí a sheachaint ar ais nó ar éigean; ag tarraingt aird ar an ngá atá ann, áfach, na bearta uile is gá a dhéanamh chun go seachnófar aon riosca do shlándáil ar líne na faisnéise a phróiseáiltear;

35. ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál cothrománach a ghabhann lena cinneadh maidir le hurscaoileadh, do rún uaithi an 4 Bealtaine 2022 ([3]) ar fheidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([3]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0196.